COMHDHÁIL

EISIMIRCE

AGUS DIASPÓRA CHONTAE NA GAILLIMHE

ÓCÁID SAOR IN AISCE

Ollphuball Fhéile Oisrí Dhroichead an Chláirín, Droichead an Chláirín, Co. na Gaillimhe

Déardaoin an 8 Meán Fómhair 2016

CLÁR

Déardaoin an 8 Meán Fómhair 2016

9.00r.n. - 9.45r.n.	Clárú agus Tae/Caife
9.45r.n. - 10.00r.n.	Fáilte & Cur i Láthair
10.00r.n. - 10.45r.n.	'Uncovering Galway's Lost Emigrants in the Nineteenth Century: Assisting the Poor to Leave' leis an Dr Gerard Moran
10.45r.n. - 11.30r.n.	'UK Sources for Galway Emigrants' le John Grenham
11.30 r.n. - 12 meán lae	Tae/Caife
12.00 meán lae - 12.45 i.n	'Wanderers and Workers: Migration from Post-famine Ireland' leis an Dr Jennifer Redmond
12.45 i.n - 1.00 i.n	Ceisteanna & Freagraí
1.00 i.n - 2.00 i.n	Lón
2.00 i.n - 2.45 i.n	'Tracing the Irish in Australia and New Zealand' le Brian Donovan
2.45 i.n - 3.30 i.n	'The Ghosts of Gorham's Corner' le Eileen Davis & Máirtín Ó Catháin
3.30 i.n - 3.45 i.n	Tae/Caife
3.45 i.n - 4.30 i.n	'Tracing Galway's Emigrants in the United States and Canada' le Joe Buggy
4.30 i.n - 5.15 i.n	'This is a Good Country for all Kind of Men': The Experience of James Hack Tuke's Connemara Emigrants in the American Midwest, 1880-1930 leis an Dr Regina Donlon
5.15 i.n - 5.30 i.n	Ceisteanna & Freagraí
6.15 i.n. - 7.30 i.n.	**Aeraíocht** ~ Ceiliúradh le ceol, amhránaíocht, agus damhsa **Aeraíocht** Cur i láthair agus ceiliúradh atá anseo ar thraidisiún cultúir an chontae le ceol, amhránaíocht, damhsa agus filíocht. Beidh ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí ar stáitse a bhfuil clú orthu ar fud an domhain..

SEASTÁIN EOLAIS GHINEALAIGH

Beidh seastáin eolais maidir lena gcuid oibre agus seirbhísí ag na heagraíochtaí seo a leanas:

Cumann Staire Teaghlaigh Oirthear na Gaillimhe Teo.

Tá Cumann Staire Teaghlaigh Oirthear na Gaillimhe Teo. suite sa Ghráig, sráidbhaile in oirdheisceart Chontae na Gaillimhe. In Ionad Oidhreachta na Gráige atá ceanncheathrú an chumainn – seanfhoirgneamh scoile a tógadh sa bhliain 1834 ar Barkhill, ag deisceart an tsráidbhaile. Bunaíodh an Cumann sa bhliain 1991 chun seirbhís taighde ginealais a chur ar fáil do chliaint náisiúnta agus idirnáisiúnta trí na foinsí eolais ginealais a bhaineann le hOirthear na Gaillimhe a chur i dtoll a chéile, a thras-scríobh agus a aistriú isteach i gcóras ríomhaireachta. Is ionad ainmnithe é de chuid Thionscadal Ginealais na hÉireann, líonra ionad ar fud na tíre ina ndéantar taifid ghinealais a thras-scríobh is a aistriú go ríomhaire. Cuirtear seirbhís aimsithe sinsear ar fáil don phobal ann freisin. Eagraíocht neamhbhrabúis atá i gCumann Staire Teaghlaigh Oirthear na Gaillimhe agus baintear úsáid as aon airgead a dhéantar chun cur leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon agus iad a fheabhsú. Tá taighde ginealais déanta ag foireann an chumainn ar son mórán custaiméirí in imeacht na mblianta. Ina theannta sin, cuireann an cumann turasóireacht, gnó agus feasacht oidhreachta chun cinn sa cheantar.

Mionsonraí Teagmhála:

Cumann Staire Teaghlaigh Oirthear na Gaillimhe Teo., Ionad Oidhreachta na Gráige, An Ghráig, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe, Poblacht na hÉireann.

Teil: +353 (0) 909749309,

Facs: +353 (0) 909749546

Ríomhphost: galwayroots@eircom.net nó galwayroots@gmail.com

SEASTÁIN EOLAIS GHINEALAIGH

Cumann Staire Teaghlaigh Iarthar na Gaillimhe Teo.

Tá acmhainní ginealais ríomhairithe do réigiún Iarthar na Gaillimhe (limistéar a théann ó Dhún Mór san Oirthuaisceart go dtí Cinn Mhara sa Deisceart, lena n-áirítear Cathair na Gaillimhe agus na hOileáin) ag Cumann Staire Teaghlaigh Iarthar na Gaillimhe Teo., a bunaíodh i 1985. Cuireann siad seirbhís taighde ginealais ghairmiúil ar fáil ina nlonad i gCathair na Gaillimhe. Is comhaltaí iad den Irish Family History Foundation (IFHF), an comhlacht comhordaithe do líonra ionad taighde ginealais in Éirinn atá faomhaithe ag an rialtas. Mar chomhaltaí den IFHF, chuir Cumann Staire Teaghlaigh Iarthar na Gaillimhe Teo. breis is 600,000 taifead ginealais leis an tseirbhís taighde ar líne www.rootsireland.ie. ina bhfuil os cionn 20 milliún taifead ar shinsear Éireannach agus is uirlis den scoth é sin do dhaoine ar spéis leo a gcuid taighde ginealais féin a dhéanamh.

Mionsonraí Teagmhála:
Cumann Staire Teaghlaigh Iarthar na Gaillimhe Teo.,
Ionad Pobail Naomh Sheosaimh, Bóthar an Ásaigh, Seantalamh, Gaillimh.

Teil: +353 (0)91 860464.

Facs: +353 (0)91 860432.

Ríomhphost: galwaywestroots@eircom.net

Láithreán Gréasáin: www.galwayroots.com

Seirbhís Taighde Ar Líne: www.rootsireland.ie

Ireland Reaching Out (Ireland XO)

Déanann Ireland Reaching Out (Ireland XO) ceangal idir daoine de bhunadh na hÉireann ar fud na cruinne agus paróistí agus contaetha a sinsear in Éirinn. Cuirtear ar a gcumas, mar sin, féiniúlacht chultúrtha chomhroinnte le pobail áitiúla in Éirinn a cheiliúradh agus a chothú. Tá dhá chuspóir lárnacha ag an gclár, "ginealas droim ar ais" - taighde a dhéanamh ar dhaoine a d'fhág áit, iad féin agus a sliocht a aimsiú agus cuireadh a thabhairt dóibh ceangal siar le hÉirinn a dhéanamh, agus bualadh lena ngaolta. Ciallaíonn sin, nuair a thagann duine de bhunadh na hÉireann ar ais go hÉirinn go bhfaighidh siad fáilte chroíúil, eolasach ó oibrí deonach i ngach ceantar áitiúil, duine a bheidh in ann iad a athcheangal lena n-áit dúchais agus iad a chur i láthair dá muintir, más féidir, ag cruthú ar an tslí sin ceangal domhain ar feadh an tsaoil idir an duine sin agus Éire, cuma cá háit sa domhan a bhfuil cónaí orthu.

Mionsonraí Teagmhála:

Láithreán Gréasáin: www.irelandxo.com

Ríomhphost: info@irelandxo.com

Cumann Stair Teaghlaigh an Iarthair (WFHA)

Is Cumann Ginealais é an WFHA atá lonnaithe i nGaillimh, in Iarthar na hÉireann agus is as Contae na Gaillimhe go príomha a chomhaltaí. As Connachta agus áiteanna níos faide ó bhaile iad cuid eile de na comhaltaí.

Cuireann an Cumann eolas agus staidéar ar oidhreacht, ginealas agus stair an teaghlaigh chun cinn. Is grúpa féinchabhrach dá chomhaltaí féin é an WFHA agus cuireann treoir agus comhairle ar dhaoine ar spéis leo a ndúchas Éireannach chomh maith. Eagraíonn an Cumann léachtaí agus ceardlanna ar ábhar a bhaineann le ginealas agus le stair an teaghlaigh.

Mionsonraí Teagmhála:

Láithreán Gréasáin: www.wfha.info

BEATHAISNÉISÍ

Joe Buggy

Is ginealeolaí é Joe Buggy le AncestryProGenealogists, an fhoireann taighde inmheánach de chuid Ancestry.com .

Scríobh sé Finding *Your Irish Ancestors in New York City,* an chéad leabhar ar an ábhar sin. Scríobh Joe faoi thaighde ginealais na hÉireann sna Stáit Aontaithe roimhe seo i sraith alt don iris ghinealais Irish Lives Remembered. Chomh maith leis an bpost lae, reáchtálann sé Townland of Origin (townlandoforigin.com), láithreán gréasáin agus blag, a dhíríonn ar thaighde ginealais na hÉireann sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada.

Eileen Davis

Bhí ról lárnach ag Eileen maidir le coincheap Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna a fhorbairt. As an gClochán di, mar sin tá a sinsear fite fuaite le cladaí Ghaeltacht Chonamara Theas.

Tá neart taithí aici ar an tionscal Óstán agus Lónadóireachta ach is sa bhéaloideas, sa ghinealas agus sa stair áitiúil atá a croí. Tá sí sáite sa chultúr a chothaíonn muintir Chonamara sa mbaile agus thar lear. Threoraigh a cuid eolais ar stair áitiúil agus teaghlaigh go leor daoine ar ais chuig áit dúchais a sinsear i gConamara.

An Dr Regina Donlon

Fuair an Dr Regina Donlon céim PhD ó Ollscoil Mhaigh Nuad sa bhliain 2014. Faoi láthair, tá sí ag obair mar Ánra Taighde iar-Dhochtúireachta sa Chomhairle um Thaighde in Éirinn ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit a bhfuil taighde á dhéanamh aici ar eisimirce chuidithe ó iarthar na hÉireann go Meániarthar Mheiriceá le linn na tréimhse 1880 go 1930. I measc na n-ábhar spéise atá aici, ó thaobh an taighde de, áirítear stair na hÉireann sa 19ú agus sa 20ú haois, stair Mheiriceá le linn ré na hAtógála agus trasnáisiúnachas.

Brian Donovan

Is é Brian Ceannasaí Domhanda na mBailiúchán Éireannach ag findmypast.com. Bhí sé ina léachtóir le stair i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath sna 1990idí agus ó shin i leith tá léachtaí tugtha aige ar fud na hÉireann agus na Stát Aontaithe ar stair, ginealas agus digitiú. Bhí taithí Brian sa teicneolaíocht dhigiteach, chomh maith lena chúlra sa stair, mar spreagadh do bhunú na cuideachta ginealais Éireannaigh mór le rá, Eneclann, i 1998. Bhí ról lárnach aige i mbunú an bhailiúcháin Éireannaigh ag www.findmypast.com, agus sheol sé an Irish Family History Centre i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2016. Déanann Brian maoirsiú ar gach gné d'fhorbairt an bhailiúcháin Éireannaigh ar findmypast.com

An Dr Jennifer Redmond

Is Léachtóir le Stair na hÉireann san Fhichiú hAois i Roinn na Staire í an Dr Jennifer Redmond agus Stiúrthóir an MA i Stair na hÉireann. Tá sí i mbun taighde faoi láthair ar imirce i dtréimhse na réabhlóide agus is saineolaí í ar imirce na mban go dtí an Bhreatain sa bhfichiú haois. Is í an tUachtarán í ar Chumann na hÉireann um Stair na mBan. .

Máirtín Ó Catháin

As Carna in iarthar Chonamara do gach duine de shin-seantuismitheoirí Mháirtín. As Carna freisin gach duine dá sheantuismitheoirí, agus dá thuismitheoirí, agus meas tú cá as dó féin? As paróiste Charna ar ndóigh! Is iriseoir é, post arb ionann é, a deir sé, agus "a bheith i do shuainseánaí uasal". Tá feirm bheag aige freisin áit a bhfuil beagán níos mó ná sin le hiompar aige, agus is é an Cathaoirleach é ar choiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna, an t-ualach is mó ar fad! Tá go leor scríofa aige faoi mhuintir Chonamara thar lear agus is iomaí cuairt atá tugtha aige ar Portland Maine agus ar Ionad Oidhreachta na hÉireann.

John Grenham

Scríobh John Grenham *Tracing your Irish Ancestors* (4ú eag. 2012), an treoir chaighdeánach. Bhí sé ina chomhláithreoir ar chlár RTÉ 'The Genealogy Roadshow' agus scríobh sé an colún 'Irish Roots' san *Irish Times,* áit ar reáchtáil sé an fo-láithreán Irish Ancestors chomh maith. Reáchtálann sé an láithreán a tháinig i gcomharbacht an láithreáin sin anois, is é sin www.johngrenham.com

An Dr Gerard Moran

Bhí an Dr Gerard Moran ina léachtóir i Roinn na Staire in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, áit ar bhunaigh sé clár MA i Stair na hÉireann ar clár é a raibh sé ina Stiúrthóir air. I measc na n-ábhar spéise atá aige, ó thaobh an taighde de, áirítear diaspóra na hÉireann, an Gorta Mór agus caidrimh idir tiarnaí talún agus tionóntaí in Éirinn. I measc a chuid saothair foilsithe tá *Sending Out Ireland's Poor: Assisted Emigration from Ireland in the Nineteenth Century* (Baile Átha Cliath, 2004), agus bhí sé ina chomheagarthóir ar *Galway: History and Society* (Baile Átha Cliath, 1996) agus *Mayo: History and Society* (Baile Átha Cliath, 2014).

Dialann Taistil Pete Byrne 1950, ar an mbealach go dtí an Astráil
Ag an 9.10 am an 24ú Aibreán d'fhág Ger Byrne, a bhean Maggie (née Madden as an nGarraí Ard), a mbeirt leanaí agus Peter, deartháir Ger, Cill Íomair le dul go dtí an Astráil. Choinnigh Pete dialann ina ndéanann sé cur síos ar an turas fada, achrannach. Tugann sé cuntas ar a bhfaca sé, daoine a casadh air, an saol ar bord loinge, an aimsir, an t-am a bheith á athrú ar chloig agus uaireadóirí agus fiú ámháin daoine a bheith ag fáil bháis agus á ligean le farraige. I measc an chaithimh aimsire ar bord, bhí damhsa ar an deic, amhráin, ceol, imirt chártaí, léitheoireacht agus féachaint ar scannáin i bpictiúrlann na loinge.


Meals
7.30AM a cup of Tea and a Biscuit
8.30AM Breakfast
12.30 PM Luncheon
4 PM afternoon Tea
6.30PM Dinner
If you want anymore just go the Lounge at 10.30PM

	Nautical miles
Tilbury To Port said	3,222
Port said to Suez	88
SUEZ to aden	1,814
aden to Colombo	2,097
Colombo to Fremantle	3,135
Fremantle to Adelaide	1,160
adelaide to melbourne	508
melbourne to Sydney	588
Total	12,309

a nautical mile 6,080 feet
a Statute mile 5,280 feet

46
Length of Ship 664 feet
Number of Officers and Crew 469
First Class passengers 501
Tourist passengers 610
blocks to be put on Tilbury and Port Said 4 days
Between Suez and Aden 1
" aden and Colombo 2½
" Colombo and Fremantle 2½
" Fremantle " Adelaide 1½
Adelaide " melbourne ½
9 hours difference in time
London and Sydney
Those are the games we play

Deck Quoits	Bucket Quoits
Quoits Tennis	Bull Board
Carpet Golf	Table Tennis
Tea Quoits	Darts/Evening Sport

whist Draughts House House Bat

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Dhroichead an Chláirín agus faoi Fhéile na nOisrí, agus faoi chúrsaí cóiríochta, féach na naisc seo a leanas:

http://www.bridgethatgap.ie/

https://www.facebook.com/bridgethatgap.ie

http://www.clarenbridge.com/

https://www.facebook.com/clarenbridgeoysterfestival/

http://www.ouririshheritage.org/category_id__56.aspx?path=

Buíochas

Is mian le Comhairle Chontae na Gaillimhe aitheantas a thabhairt do thacaíocht agus cúnamh Fhéile Oisrí Dhroichead an Chláirín, Grúpa Oidhreachta Dhroichead an Chláirín, Bridge that Gap (Tionscnamh Post & Turasóireachta Órán Mór - Meáraí - Droichead an Chláirín), Cumann Staire Teaghlaigh Oirthear na Gaillimhe Teo., Cumann Staire Teaghlaigh Iarthar na Gaillimhe Teo., Ireland Reaching Out (Ireland XO) agus Cumann Stair Teaghlaigh an Iarthair (WFHA).

Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun clárú don ócáid saor in aisce seo, déan teagmháil le:

Gráinne Smyth, Pleanáil Chun Cinn, Comhairle Chontae na Gaillimhe.
Teil. 00353 91 509121 nó ríomhphost gsmyth@galwaycoco.ie

nó

Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe.
Teil. 00353 91 509198 nó ríomhphost mmannion@galwaycoco.ie

nó

Marian Donohue, Pleanáil Chun Cinn, Comhairle Chontae na Gaillimhe.
Teil. 00353 91 509165 nó ríomhphost mndonohue@galwaycoco.ie

Ó KILLIMOR-OUR PARISH AND OUR PEOPLE a tógadh an pictiúr ar an gclúdach agus na pictiúir taobh istigh. Arna chur in eagar ag Angela Geoghegan & Nuala McGann.

Arna fhoilsiú den chéad uair in 2013 ag Killimor & District Development Society, Cill Íomair, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe, Éire.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

ÉIRE IRELAND 1916 Clár Comórtha Céad Bliain Centenary Programme

2013–2023

Bridge that Gap

CLARENBRIDGE SINCE 1954 OYSTER FESTIVAL